Cásanna Samplacha 2013

Cásanna Achomhairc Áirithe 2013

Cás 1: Scéim na hAoníocaíochta agus an Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach, 2012.

Taisceadh iarratas faoi Scéim na hAoníocaíochta 2012. Tar éis cigireacht a dhéanamh ar an bhfeirm, mheas an Roinn go ndearnadh ró-dhearbhú ar an limistéar foráiste a bhí intofa agus feidhmíodh pionós difríochta dúbailte mar a sonraíodh i dTéarmaí agus Coinníollacha na Scéime.

Rinneadh achomharc in aghaidh an chinnidh chuig an Oifig Achomharc Talmhaíochta. Mhínigh an t-achomharcóir go raibh sé i Scéim REPS agus sa Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach agus gur comhairlíodh dó i ndáil le dáileacht talún SPA ar leith gur 'limistéar fásra nádúrtha é agus go bhfanfaidh sé ina limistéar fálaithe ó bheostoc'. Míníodh gurb ann do chlaífort a roinneann an limistéar seo ón talamh eile a shaothraítear, go bhfuil fál ar an limistéar, nach mbíonn an t-eallach ag innilt ar an dáileacht talún seo, gur limistéar gnáthóige é dáiríre, agus cuid den limistéar ina áit charraigeach maille le roinnt muine air. Luaigh an t-achomharcóir gur chomhlíon sé an chomhairle ghairmiúil i ndáil leis an dáileacht talún seo.

D' fhionn an tOifigeach Achomharc go sonraíonn Scéim na hAoníocaíochta 'go gcuireann an limistéar intofa .... limistéir atá fálaithe ó innilt as an áireamh, ...'. Ón uair, mar sin, go raibh an talamh seo fálaithe ó eallach, níor cháiligh sí mar limistéar intofa foráiste chun críocha na Scéime seo. Thairis sin, luaitear i dTéarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Fheirmeoireacht Orgánach go sainmhínítear limistéar foráiste mar: 'an glanlimistéar a chuirtear isteach mar thalamh féaraigh nó mar fhéarach buan ar an iarratas is déanaí uait faoi Scéim na hAoníocaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh'.

Ó ba rud é gur measadh nach raibh an dáileacht talún seo intofa faoi Scéim na hAoníocaíochta, ní raibh sí intofa d'íocaíocht faoin Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach ach oiread. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 2: An Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS) 2010.

Rinne an t-achomharcóir iarratas ar dhul isteach i Scéim AEOS i mBealtaine 2010. Thosaigh a gconradh i Mí na Samhna 2010. Cuireadh in iúl do Rannán AEOS na Roinne gur mhian leo tarraingt siar ón ngníomh 'Caighdeán um Chur Crann' mar gheall ar fháthanna sláinte. Cuireadh fianaise mhíochaine ar fáil. Fuair Rannán AEOS litir eile inar cuireadh in iúl dóibh gur mhian leis an iarratasóir tarraingt siar ó AEOS toisc nach rabhthas in ann leanúint den fheirmeoireacht de dheasca drochshláinte. Cuireadh faisnéis bhreise mhíochaine ar fáil.

Cuireadh in iúl don achomharcóir trí litir ó Rannán AEOS gur diúltaíodh a n-iarratas ar tharraingt siar ó Scéim AEOS faoi alt 18 de na Téarmaí agus Coinníollacha – Force Majeure. Ba é an fáth leis an gcinneadh a tugadh ná nach raibh dóthain fianaise míochaine ann a thabharfadh údar le foirceannadh faoi fhorálacha force majeure. Lena chois sin, iarradh aischur na n-íocaíochtaí a rinneadh.

Fuair an oifig seo achomharc, ar fhorais mhíochaine, agus iarradh éisteacht ó bhéal. Ag an éisteacht ó bhéal dúradh go leanfadh an t-achomharcóir den fheirmeoireacht agus go gcomhlíonfaí na dualgais faoin Scéim dá bhfanfadh sláinte an iarratasóra mar a bhí sí i dtráth an iarratais, cé gur glacadh leis gur dhátaigh cuid de na

fadhbanna sláinte ón tréimhse sula ndearnadh an t-iarratas ar Scéim AEOS. Shonraigh an Roinn catagóir ábhartha force majeure sa chás seo mar *'éagumas gairmiúil fadtréimhseach an rannpháirtí.'*

Tar éis na cáipéisí míochaine a scrúdú, glacadh leis go ndeachaigh riocht míochaine an achomharcóra ar gcúl agus gurbh é an toradh a bhí air sin ná gur éirigh an t-achomharcóir as an bhfeirmeoireacht. Ghlac an tOifigeach Achomharc leis go leanfadh an t-achomharcóir den fheirmeoireacht agus go gcomhlíonfaí na dualgais faoi Scéim AEOS dá bhfanfadh sláinte an achomharcóra mar a bhí sí i dtráth an iarratais agus i dtráth an ghlactha i Scéim AEOS. Ba é cinneadh an Oifigigh Achomharc ná gur chóir conradh AEOS a scaoileadh, faoi alt 18 de na Téarmaí agus Coinníollacha i Scéim AEOS, ar na forais nach raibh an t-achomharcóir in ann leanúint ar aghaidh ar chúiseanna nach raibh neart ag an achomharcóir orthu, mar gheall ar éagumas gairmiúil fadtréimhseach. Ní raibh an tsuim a íocadh leis an achomharcóir faoi Scéim AEOS le haisghabháil. Ceadaíodh an t-achomharc.

Cás 3: An Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach, 2011.

D'fhaomh an Roinn iarratas an achomharcóra ar dhul isteach sa Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach, agus an conradh ag tosú i Meitheamh 2011 agus ag rith ar feadh tréimhse 5 bliana agus 7 mí. Scríobh an Roinn chuig an achomharcóir i nDeireadh Fómhair 2012 agus luadh gur dheimhnigh an Comhlacht um Dheimhniúchán Orgánach go ndeachaigh ceadúnas an oibritheora orgánaigh as feidhm le héifeacht ó 31 Nollaig 2011 agus gur ghá na híocaíochtaí go léir a rinneadh faoin Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach a aisghabáil. D'iarr an t-achomharcóir go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcinneadh seo; sheas an Roinn leis an gcinneadh, áfach.

Rinneadh achomharc in aghaidh an chinnidh chuig an Oifig Achomharc Talmhaíochta ar an mbonn gur ghá an Scéim um Fheirmeoireacht Orgánach a fhágáil de dheasca díobhála; bhí an t-achomharcóir fós ag déanamh feirmeoireachta ach ní raibh feirmeoireacht orgánach á déanamh; athraíodh an córas feirmeoireachta chun an ceanglas oibre láimhe a laghdú. Cuireadh fianaise mhíochaine ar fáil.

Tar éis Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime a scrudú agus tar éis na haighneachtaí go léir a rinneadh a chur san áireamh, d'fhionn an tOifigeach Achomharc nach raibh aon bhonn leis an gcinneadh bunaidh a chur ar ceal. Luaitear in Alt 5.6 de Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime: *'Ní mór do rannpháirtithe ar mian leo leas a bhaint as an Scéim clárú le ceann de na Comhlachtaí um Dheimhniúchán Orgánach agus a bheith faofa mar oibritheoir orgánach ag ceann de na Comhlachtaí um Dheimhniúchán Orgánach agus ní mór do na rannpháirtithe sin ceadúnas a shealbhú i gcaitheamh thréimhse iomlán a gconartha Scéime...'*. Luaitear in Alt 10.4: *'Mura n-athnuann an rannpháirtí ceadúnas orgánach laistigh den tréimhse ghealltanais chúig bliana, ciallóidh sé sin foirceannadh ón Scéim agus aisghabháil iomlán an chúnaimh ar fad a bheidh íoctha, agus an t-ús is iníoctha faoi IR Uimhir 13 de 2006 san áireamh, ach amháin mar a bhfuil rannpháirtí tar éis scor den fheirmeoireacht agus mar a bhfuil trí bliana sa Scéim curtha isteach cheana ag an rannpháirtí...'*

Pléitear in Alt 15 le force majeure nó dálaí eisceachtúla: *'Más rud é nach bhfuil rannpháirtí in ann leanúint de na gealltanais atá tugtha a chomhlíonadh ar chúiseanna nach bhfuil neart aige/aici orthu, féadfar cás a dheanamh faoi force majeure maidir le deireadh a chur lena rannpháirtíocht sa Scéim. I gcásanna dá leithéid,*

is cóir don rannpháirtí nó a (h)ionadaí é sin a chur in iúl don Aonad Orgánach i scríbhinn maille le fianaise ábhartha, laistigh de dheich lá oibre ón tráth a bheidh sé/sí in ann é sin a dhéanamh.'

D' fhionn an tOifigeach Achomharc gur lean an t-achomharcóir den fheirmeoireacht a dhéanamh i ndiaidh 31 Nollaig 2011, ach nach ndearnadh an fheirmeoireacht orgánach. Mar sin, níorbh fhéidir forálacha force majeure an éagumais ghairmiúil fhadtréimhsigh a chur i bhfeidhm. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 4: An Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta, 2010.

Rinne an t-achomharcóir iarratas ar dhul isteach sa Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta (AEOS 1) agus liostú á dhéanamh de Mhóinéar Féir Traidisiúnta mar an nGníomh Sainordaitheach, agus Cur Crann – Fuipeanna, agus Barrscoitheadh Fálta Sceach, mar na Gníomhartha Comhlántacha. D'éirigh leis an iarratas agus tugadh dáta i Meán Fómhair 2010 mar dháta thús an chonartha. I litir dar dáta 30 Eanáir 2013, chuir an Roinn in iúl don achomharcóir go raibh aisíoc iomlán á lorg ag an Roinn i leith na ngníomhartha ar íocadh airgead ina dtaobh faoin Scéim, toisc go raibh ligthe de na gníomhartha um Móinéar Féir Traidisiúnta, agus um Barrscoitheadh Fálta Sceach.

Ina dhiaidh sin, rinne an t-achomharcóir achomharc in aghaidh an chinnidh chuig an Oifig Achomharc Talmhaíochta. Luadh san achomharc gurbh éigean don achomharcóir, de dheasca srianta airgeadais, an chuid ba mhó den talamh a dhíol chun íoc as fiacha neamhíoctha. Luaitear in Alt 5.6 de Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta: *Rithfidh na conarthaí go léir go ceann 5 bliana ar a laghad.*

Luaitear in Alt 10 de Théarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta dar teideal gealltanas a laghdú: *Más rud é nach leanfar de ghealltanas ar fad nó de chuid de ghealltanas go ceann tréimhse íosta 5 bliana, déanfar an cúnamh ar fad nó cuid den chúnamh i leith an ghealltanais a aisíoc.* D' fhionn an tOifigeach Achomharc gur theip ar an achomharcóir na gealltanais faoin Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta a chomhlíonadh i gcomhréir le Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime. Ní chuimsíonn forálacha force majeure srianta airgeadais. Dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 5: Scéim na hAoníocaíochta agus na Rialacháin um Níotráití, 2010.

Thug an Roinn faoi Chigireacht Riachtanais Reachtúil Bhainistíochta um Thraschomhlíonadh agus chuir an Roinn smachtbhanna 1% i bhfeidhm mar gheall ar dhul thar na teorainneacha ó thaobh fosfáití sa bhliain 2009. Shocraigh an Roinn go raibh feidhm ag teorainn uasta fosfair cheimicigh 115 kg sa dáileacht talún agus gur cuireadh 150 kg fosfair cheimicigh ar an talamh.

Níor bréagnaíodh an méid leasacháin cheimicigh a úsáideadh, áiríodh le forais an achomhairc an fhíric gur onnmhairíodh 100m^3 sciodair sa bhliain 2009 agus gur taispeánadh é sin ar chuntais leasacháin an achomharcóra i gcomhair na bliana 2009.

Faoi Alt 3 de na Rialacháin um Níotráití, an tráth sin, níorbh fholáir nó go gcoimeádfadh feirmeoirí taifid, a thabharfaí chun críche faoi 31 Márta na bliana dá éis, agus go ndéanfaidís taifead ar aoileach beostoic a bhogfaí isteach sa ghabháltas nó amach as an ngabháltas.

Thug an tOifigeach Achomharc dá aire gur ghá teorainn fosfair 19 kg in aghaidh an heicteáir i dtaca le hithreacha innéacs 3 ach gur luadh i dtaifid leasacháin an achomharcóra teorainn 24kg in aghaidh an heicteáir. D' fhionn an tOifigeach Achomharc gurbh é an méid ceart ná 19 kg in aghaidh an heicteáir.

Chuaigh an méid fosfair cheimicigh a cuireadh ar an talamh i rith na bliana 2009 thar an teorainn a bhain leis an bhfeirm d'éagmais onnmhairí. D'iarr an t-achomharcóir go lamhálfaí 80 kg fosfair orgánaigh ar mhodh sciodair a d'onnmhaireofaí. I dtráth na cigireachta, thug an t-oifigeach cigireachta dá aire gur onnmhairíodh 80 kg fosfair orgánaigh ach níor tugadh an t-eolas seo chun sochair sa ríomh toisc nár cuireadh an t-eolas faoi bhráid na Rannóige um Níotráití. Thaispeáin an fhianaise seo gur cuireadh an fhoirm um Thaifead 3 ar fáil i dtráth na cigireachta. Thug an tOifigeach Achomharc dá aire nár ceanglaíodh ar fheirmeoir sa bhliain 2009 an fhoirm onnmhairíochta um Thaifead 3 a chur isteach ach dá mbeadh creidmheas um níotráití á lorg.

Fuair an tOifigeach Achomharc daingniú ón Rannóg um Níotráití gur tarscaoileadh smachtbhanna tosaigh 1% a gearradh mar gheall ar shárú Níotráití sa bhliain 2009 toisc gur chuir an t-achomharcóir foirm onnmhairíochta um Thaifead 3 isteach sa bhliain 2009. Ar an mbonn gur ghlac an Rannóg um Níotráití le sciodar a onnmhairiú i gcomhair Níotráití na bliana 2009 – d'fhionn an tOifigeach Achomharc gur ghá creidmheas a thabhairt freisin i dtaca le gné an fhosfair den onnmhaire sin. Ceadaíodh an t-achomharc.

Cás 6: Scéim na hAoníocaíochta agus na Rialacháin um Níotráití, 2011.

Scríobh an Roinn chuig an achomharcóir chun a chur in iúl dó go ndeachaigh méid iomlán na nítrigine ó aoileach beostoic a cuireadh ar an talamh ina fheirm sa bhliain 2011 thar an leibhéal ceadaithe 170 kg N in aghaidh an heicteáir, arbh é an toradh a bhí air ná pionós 3%. D'iarr an t-achomharcóir achomharc. Luaigh an t-achomharcóir gur thuig sé gur cheanglas a bhí ann go mbeadh na taifid go léir ó thaobh Níotráití críochnaithe agus bord ar bhord leis an eolas is déanaí faoi 31 Márta na bliana dá éis. Tionóladh éisteacht ó bhéal, inar luaigh an t-achomharcóir gur tharla an fhadhb toisc nárbh fheasach dó gur tháinig athrú ar rialacha na Roinne. Luaigh sé go raibh sé os cionn na teorann 170Kg ó bhí an bhliain 2007 ann agus go raibh sé de chaoi aige gach bliain foirm um thaifead ar ghluaiseacht an sciodair a chur isteach. Mhínigh an t-achomharcóir gur onnmhairigh sé sciodar eallaigh chuig feirm eile sa chomharsanacht agus luaigh sé gur choimeád sé taifead ar ghluaiseacht an sciodair ar a ghabháltas.

Leagtar amach an bonn leis an bpionós i Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint) 2006, mar a leasaíodh. Is léir faoi na Rialacháin go bhfuil sé d'fhiacha ar úinéirí tréada a chinntiú nach dtéann méid iomlán na nítrigine ó fhéaránaigh thar 170kg N in aghaidh an heicteáir nó 250kg nítrigine in aghaidh an heicteáir i dtaca le daoine a shealbhaíonn maolú. Sa chás seo, bhí méid na nítrigine a táirgeadh ar an ngabháltas sa bhliain 2011 os cionn 170kg agus faoi bhun 250kg.

Sa bhliain 2011, thug an Roinn isteach 31 Nollaig 2011 mar an dáta deiridh a nglacfaí le foirmeacha um Thaifead 3. Tugadh fógra ar 25 Bealtaine 2011 faoin dáta deiridh seo do gach Comhairleoir/Pleanálaí/Comhlacht Feirme, agus fógraíodh é i nuachtáin na feirmeoireachta i Mí na Samhna 2011. Ina dhiaidh sin, síneadh an dáta deiridh seo go dtí 31 Eanáir 2012. Tugadh fógra d'fheirmeoirí i nuachtáin na feirmeoireachta faoin dáta deiridh a bheith sínte. Níor chuir an t-achomharcóir foirm um Thaifead 3 isteach roimh an dáta deiridh. D'fhionn an tOifigeach Achomharc gur poiblíodh an t-athrú ar na rialacha go maith. Sheas an tOifigeach Achomharc le cinneadh na Roinne agus dícheadaíodh an t-achomharc.

Cás 7: Gnéithe Neamhluachála na Scéime Frithghníomhaí.

I Meán Fómhair na bliana 2012 tugadh fógra don achomharcóir faoin gceanglas ó thaobh tástáil tréada a dhéanamh faoi Mhí na Samhna 2012. Ba i lár Mhí na Nollag 2012 a rinneadh an tástáil agus aimsíodh cúig fhrithghníomhaí. Luacháladh na frithghníomhaithe seo i lár Mhí na Nollag 2012. Chuir an t-achomharcóir in iúl don Roinn amach i ndeireadh Mhí na Nollag 2012 gur cuireadh cóir leighis ar na hainmhithe seo i dtosach Mhí na Nollag 2012 agus go raibh tréimhse aistarraingthe 56 lá, a rachadh in éag i ndeireadh Eanáir 2013, ag an gcógas leighis seo.

Chuir an Roinn in iúl don achomharcóir nach n-íocfaí cúiteamh i leith na gcúig ainmhí frithghníomhaí eitinne toisc gur cuireadh cóir leighis orthu tar éis don achomharcóir fógra a fháil go raibh tástáil le déanamh.

Scríobh Tréidlia an achomharcóra chuig Oifig na nAchomharc, agus dhearbhaigh sé go raibh fadhb thromchúiseach ag an tréad i Mí na Samhna 2012, fadhb a bhí ag dul i bhfeidhm go mór ar leas ainmhithe agus a bhféadfaí gurbh é an toradh a bheadh uirthi ná básanna ainmhithe. Luaigh sé gur chomhairligh sé go láidir go gcuirfí cóir leighis ar na hainmhithe.

Thug an tOifigeach Achomharc dá aire Iarscríbhinn A a ghabh le cáipéis ER5R a cuireadh chuig an achomharcóir roimh a thástáil tréada, ER/20/10 a dhéanann cur síos ar na critéir ó thaobh cinntí a dhéanamh ar an intofacht don íocaíocht, chomh maith le litir Thréidlia an achomharcóra chuig Oifig na nAchomharc.

Ba í an cheist a bhí le réiteach ag an Oifigeach Achomharc sa chás seo ná an bhféadfaí an dáileog a tugadh don eallach, tar éis fógra a bheith tugtha faoi thástáil tréada, a mheas ina ghnáthchóir leighis nó ina chóir leighis a tugadh mar ábhar práinne ar bhonn comhairle tréidliachta a deimhníodh.

Chuir an tOifigeach Achomharc san áireamh gur mhol Cigire Tréidliachta na Roinne agus Cigire Tréidliachta Maoirseachta na Roinne araon a bhí ag plé leis an gcás gur chóir go n-íocfaí an luacháil agus gur tugadh comhairle dheimhnithe tréidliachta don achomharcóir go raibh gá práinneach le cóir leighis chun fadhbanna agus básanna a sheachaint maidir le leas ainmhithe. Tugadh san áireamh freisin staid dhíobhálach na haimsire sa bhliain 2012 ba shiocair leis an leathadh a tháinig ar an leith uisce (puchán ae), agus ba chúis le fadhbanna maidir le leas ainmhithe. Chinn an tOifigeach Achomharc, ar bhonn na fianaise tréidliachta ó thriúr Tréidlianna, sna dálaí áirithe seo, go bhféadfaí an dáileog a tugadh don tréad a bhreithniú mar chóir leighis phráinneach.

Rinneadh cealú ar chinneadh na Roinne íocaíochtaí cúiteacha ar na frithghníomhaithe eitinne a dhiúltú agus ceadaíodh an t-achomharc.

Cás 8: Níotráití agus Traschomhlíonadh (2010).

Bhain an t-achomharc leis na Rialacháin um Níotráití agus le Traschomhlíonadh sa bhliain 2010. Sháraigh táirgeacht nítrigine an achomharcóra ar an bhfeirm sa bhliain 2010 an teorainn in aghaidh an heicteáir d'éagmais onnmhairiú an sciodair. Bhí foirm um Thaifead 3 faighte sa bhliain 2010 ag an Roinn i dtaca le gluaiseacht an sciodair eallaigh chuig feirm i dTuaisceart na hÉireann a d'fhágfadh iarmhéid faoi bhun na teorann reachtúla 170 kg in aghaidh an heicteáir.

Thug an Rannóg um Níotráití sa Roinn fógra don achomharcóir go raibh feidhm ag smachtbhanna 20% um Thraschomhlíonadh gan aon chreidmheas i gcomhair na n-onnmhairí – ar an mbonn nár leanadh na nósanna imeachta deimhniúcháin maidir le honnmhairiú an aoiligh orgánaigh go Tuaisceart na hÉireann.

Luaigh an t-achomharcóir san achomharc gur cheangail cáipéisíocht Thuaisceart na hÉireann ar an allmhaireoir teastas tréidliachta a fháil agus nár luadh an t-onnmhaireoir agus nár fhéad sé teacht ar eolas ar láithreán gréasáin na Roinne maidir le honnmhairiú an sciodair lasmuigh den Stát agus nach raibh aon eolas faighte aige riamh ar an ábhar. Luaigh Comhairleoir Teagasc an achomharcóra ag an éisteacht gur ghlac an Roinn le foirmeacha onnmhairíochta um Thaifead 3 i dtaca le honnmhairí ón bhfeirm seo chuig an bhfeirm chéanna i dTuaisceart na hÉireann.

Luaigh an Roinn go raibh nós imeachta i bhfeidhm sa bhliain 2010 i dtaca le honnmhairiú an aoiligh orgánaigh go Tuaisceart na hÉireann, nós imeachta lenar phléigh Rannóg na bhFotháirgí sa Roinn, agus nár mhór don onnmhaireoir cead a fháil do gach soláthar. Thug Rannóg na bhFotháirgí fógra don Roinn Talmhaíochta agus Forbartha Tuaithe i dTuaisceart na hÉireann, agus níor mhór teastas sláinte ó Oifig Tréidliachta an Cheantair a bheith i dteannta an aoiligh eallaigh, agus bhí feidhm ag an Rialachán um Fhotháirgí Ainmhithe – Rialachán ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh 1774/2002.

Thug an tOifigeach Achomharc dá aire go luaitear sa Rialachán um Níotráití - Ionstraim Reachtúil Uimhir 101 de 2009 (An Rialachán um Níotráití) i gCuid 3, rialachán 15(5)(a); *I gcás gabháltais ina bhfuil beostoc féaraigh, measfar méid na nítrigine infhaighte agus an fhosfair infhaighte a sholáthraítear don ghabháltas trí aoileach ó bheostoc dá leithéid (ach amháin a mhéid a onnmhairítear aoileach dá leithéid ón ngabháltas) ina chion ábhartha de mhéid na nítrigine infhaighte agus an fhosfair infhaighte a fholaítear san aoileach iomlán ó bheostoc dá leithéid.* Ba dheimhin leis an Oifigeach Achomharc ó fhreagra na Roinne ar an achomharc go raibh nósanna imeachta i bhfeidhm i dtaca le honnmhairí sciodair sa bhliain 2010 ón Stát lenar ghabh deimhniúchán sláinte agus ceadúnúchán agus nár leanadh na nósanna imeachta seo sa chás a bhí faoi achomharc. Níorbh fhéidir leis an Roinn, áfach, é a thaispeáint gur foilsíodh na nósanna imeachta seo laistigh d'eolas ar Níotráití

nó laistigh d'eolas ar SMR4. Thug an tOifigeach Achomharc dá aire gurbh í an fhoirm um Thaifead 3 an t-aon fhoirm onnmhaíochta dár tagraíodh sna foilseacháin um Níotráití.

Ghlac an Roinn le foirmeacha gluaiseachta um Thaifead 3 i gcomhair na mblianta 2008 agus 2009 i leith na n-onnmhairí sciodair chuig an ngabháltas céanna i dTuaisceart na hÉireann, cuireadh léarscáileanna agus seoladh ar fáil don Roinn ar na tráthanna sin. D'fhionn an tOifigeach Achomharc gur cuireadh fógra na bliana 2008 um Thaifead 3 ar fáil don Roinn sa bhliain 2009 roimh ghluaiseacht an sciodair sa bhliain 2010 a tuairiscíodh agus nár cuireadh aon saincheist idir an dá linn ar a shúile don achomharcóir.

Ó thaobh fógra a thabhairt faoi na ceanglais, threoraigh an Roinn an tOifigeach Achomharc chuig fógrán nuachtáin ón mbliain 2008 maidir le hIonstraim Reachtúil Uimhir 252 de 2008. Thug an tOifigeach Achomharc dá aire gur fhéach an fógrán leis an bpobal a chur ar an eolas faoi sheoladh I.R. Uimh. 252 de 2008 a thagair do Rialacháin an Aontais Eorpaigh um Fhotháirgí Ainmhithe a tugadh isteach ó 3 Deireadh Fómhair 2002 go 11 Meitheamh 2008 agus a liostaigh na rialacháin sin.

Shonraigh an Roinn Rialachán ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh Uimh. 1774/2002 mar reachtaíocht ábhartha, Thug an tOifigeach Achomharc dá aire gur aisghairm Rialachán ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh Uimh. 1069/2009 Rialachán 1774/2002 le héifeacht ó 21 Deireadh Fómhair 2009 agus gur onnmhaire na bliana 2010 í an onnmhaire a bhí faoi achomharc. Mar fhreagra air seo, dúirt an Roinn gur chuir I.R. Uimh. 150 de 2011 an bonn dlíthiúil le ceadúnúchán na bhfotháirgí ainmhithe. Thug an tOifigeach Achomharc dá aire nach raibh I.R. Uimh. 150 de 2011 i bhfeidhm i rith na bliana 2010. Bhreithnigh an tOifigeach Achomharc nár thaispeáin an Roinn an reachtaíocht a thug éifeacht do Rialachán ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh Uimh. 1069/2009 i rith na bliana 2010.

Bhí an tOifigeach Achomharc den tuairim gur chóir go dtarraingeodh gluaiseacht an sciodair eallaigh a rinne an t-achomharcóir go Tuaisceart na hÉireann ceist anuas do na húdaráis ach mheas an tOifigeach Achomharc gur bhain sé le hábhar gur glacadh le honnmhaire sciodair na bliana 2008 mar rud bailí nuair a cuireadh an Rannóg um Níotráití sa Roinn ar an eolas faoi sin agus nach raibh an méid sin ina thrúig le haon fhógra gurbh ann do nósanna imeachta áirithe i dtaca lena leithéid d'onnmhairí.

Is trí Airteagail 71 agus 72 den Rialachán ón gCoimisiún (CE) Uimh. 1122/2009 atá an bonn rialála leis an bpionós um Thraschomhlíonadh, agus ba é an t-aon bhonn amháin le pionós 20% ná feidhmiú laghduithe agus eisiamh i gcásanna neamhchomhlíonta thoiliúil. D'fhionn an tOifigeach Achomharc nár cruthaíodh ón bhfianaise a tugadh ar aird gur tharla sárú toiliúil ar thaobh an achomharcóra, tar éis dul i muinín na foirme um Thaifead 3 chun fógra a thabhairt faoi onnmhaire an sciodair sa bhliain 2010 agus ba í an fhoirm um Thaifead 3 an t-aon fhoirm onnmhairíochta dár tagraíodh sna foilseacháin um Níotráití. Ceadaíodh an t-achomharc.